Dréimire Rangaithe

Tugann an Dréimire Rangaithe deis do na scoláirí uile a bheith rannpháirteach i smaointeoireacht ag an leibhéal meastóireachta de thacsanomaíocht Bloom.

Is é a bhíonn i gceist le Dréimire Rangaithe go gcuireann scoláirí rudaí ar rungaí an dréimire in ord tosaíochta ón rud is lú tábhacht go dtí an rud is tábhachtaí, agus mar ghníomhaíocht ghrúpa, tugann sé dúshlán do scoláirí a mhíniú cén fáth a gcuireann siad rud amháin os cionn nó faoi rud eile.

- Dáil amach ar gach grúpa/duine aonair bileog pháipéir, marcóir agus liosta de rudaí le rangú
- Iarr ar gach ghrúpa/duine aonair dréimire a tharraingt fad an leathanaigh, agus na rungaí cothrom le líon na rudaí le rangú.
- Ba cheart do na scoláirí na rudaí atá le rangú a phlé agus na critéir a mhíniú agus ionadú gach míre a chosaint.
- Cuirtear an rud is lú tábhachta de réir an phlé ar an runga is ísle den dréimire.
- Lean ar aghaidh ag cur rudaí ar an dréimire go dtí go mbíonn na rudaí uile rangaithe agus aontaithe ag an ngrúpa.
- Is féidir na dréimirí rangaithe a chur in airde timpeall an tseomra ranga agus iad a phlé mar rang iomlán ansin.

Leideanna

- Ainmnigh duine amháin ó gach grúpa mar thaifeadóir.
- Bí soiléir faoin bhealach ar mhaith leat na rudaí a bheith rangaithe.
- Gluais timpeall ar gach grúpa chun a chinntiú go mbíonn a n-aird dírithe ar an tasc.
- D'fhéadfaí dréimirí réamhullmhaithe lannaithe a úsáid mar áis i gceachtanna eile ina dhiaidh sin.
- D'fhéadfaí rungaí bána a chur leis an dréimire chun tionscnaíocht scoláirí a spreagadh go gcuirfidh siad rudaí breise ar an dréimire.

Príomhscileanna

- Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- Mé féin a bhainistiú
- Cumarsáid
- Obair le daoine eile
- A bheith liteartha
- A bheith uimheartha

Acmhainní

- Bileog pháipéir A4/A3 nó
- Teimpléad Dréimire Rangaithe
- Liosta de rudaí atá le rangú

Leagan amach an tseomra

Eagraigh na scoláirí timpeall na mbord **i ngrúpaí de 4**

Measúnú

Déan measúnú ar scileanna ardo ird trí éisteacht le freagraí na scoláirí

Tacú le hobair bhaile

Is féidir a rá le scoláirí grianghraf a ghlacadh den Dréimire Rangaithe agus de na nótaí a bhreac an taifeadóir chun tacú le hobair baile agus le súil siar

Tuilleadh Eolais
Tá tuilleadh eolais agus tacaíochta ar fáil chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm ag www.jct.ie

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers